C/2026/253

12.1.2026

Fógra ón gCoimisiún

Comhaontú Chreat Cuimsitheach ECFE maidir le Tearmainn agus Treoir Cholún a Dó

(C/2026/253)

1. Barúlacha ginearálta

Aithníonn an Coimisiún Eorpach Comhaontú Chreat Cuimsitheach na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Tearmainn a glacadh an 5 Eanáir 2026 ([1]), agus deimhníonn sé a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Threoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle ([2]) (dá ngairtear anseo feasta: Treoir Cholún a Dó).

2. Treoir Cholún 2 agus Comhaontuithe an Chreata Chuimsithigh maidir le Tearmainn

Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 32 de Threoir (AE) 2022/2523:

'De mhaolú ar Airteagal 26 go hAirteagal 31, áiritheoidh na Ballstáit, arna roghnú sin don chomheintiteas is comhdaitheoir, go measfar go mbeidh an cháin bhreisiúcháin atá dlite de ghrúpa i ndlínse áirithe a bheith cothrom le nialas do bhliain fhioscach má chomhlíonann leibhéal éifeachtach cánachais na gcomheintiteas atá lonnaithe sa dlínse sin na coinníollacha i gcomhaontú idirnáisiúnta cáilitheach maidir le tearmainn.

Chun críocha na céad míre seo, ciallaíonn "comhaontú idirnáisiúnta cáilitheach maidir le tearmainn" tacar rialacha agus coinníollacha idirnáisiúnta lenar thoiligh na Ballstáit go léir agus a thugann deis do ghrúpaí faoi raon feidhme na Treorach seo roghnú tairbhe a bhaint as tearmann amháin nó níos mó le haghaidh dlínse.'

3. Tearmainn a glacadh i mí Eanáir 2026

An 5 Eanáir 2026, comhaontaíodh na Tearmainn seo a leanas i gCreat Cuimsitheach ECFE agus thoiligh na Ballstáit uile leo:

— Tearmann bunaithe ar Ráta Cánach Éifeachtach simplithe;

— Síneadh leis an Tearmann Idirthréimhseach le haghaidh tuairisciú de réir tíre;

— Tearmann le haghaidh Dreasachtaí Cánach bunaithe ar Shubstaint;

— Córas 'Comhréime' (lena gcuimsítear an Tearmann Comhréime agus an Tearmann le haghaidh Máthaireintiteas Deiridh).

([1]) https://www.oecd.org/content/dam/oecd/en/topics/policy-sub-issues/global-minimum-tax/side-by-side-package.pdf.

([2]) Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórscála intíre san Aontas (IO L 328, 22.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2523/oj).